
# Acmhainn Scoileanna

# Jack B. Yeats

Cruthaithe ag Bernie McGonagle



GAILEARAÍ NÁISIÚNTA na hÉIREANN
NATIONAL GALLERY of IRELAND





© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871-1957

2

## Capaill



1887

AOIS 16

- D'FHILL JACK AR A THEAGHLACH I LONDAIN IN 1887
- FUAIR SÉ TICÉAD SÉASÚIR DON SEÓ IONTACH BUFFALO BILL CODY A BHÍ AR SIÚL SAN OLYMPIA, LONDAIN
- BHÍ CUR AMACH AIGE CHEANA AR SHORCAIS, AONTAÍ AGUS RÁSAÍ IN IARTHAR NA HÉIREANN
- ANOIS BHÍ SÉ ÁBALTA CAPAILL A FHEICEÁIL AR GACH BEALACH A BHFÉADFÁ CUIMHNEAMH AIR
- AR FEADH NA BLIANA DÁR GCIONN LÍON SÉ A DHIALANNA LE SCEITSÍ A BHÍ BRÍOMHAR AGUS DINIMICIÚIL
- BHÍ CAPAILL LE FEICEÁIL INA CHUID PICTIÚR SUAS GO DTÍ 1951 NUAIR A BHÍ SÉ 80 BLIAIN D'AOIS



BELLE OF THE BALL 1911-12


## léaráidí dubh agus bán



- Ó AOIS 17 GO DTÍ TRÁTH A BHÁIS IN AOIS 86, BHÍ JACK AG SAOTHRÚ A DHÓTHAIN AIRGID MAR EALAÍONTÓIR GAIRMIÚIL GAN AON CHÚNAMH AIRGID EILE

- BHUAIL JACK LEIS AN MBEAN A PHÓS SÉ INA DHIAIDH SIN, MARY COTTENHAM WHITE, I SCOIL EALAÍNE CHISWICK
- COTTIE AN T-AINM CEANA A TUGADH UIRTHI
- MHAIR A GCAIRDEAS 59 BLIAIN

## Scoil Ealaine Londain






1894

AOIS 23

- CHOMH LUATH AGUS A SHOCRAIGH JACK GO BPÓSFADH SÉ FÉIN AGUS COTTIE, D'OIBRIGH SÉ Ó 6 R.N. GO DTÍ DÉANACH SAN OÍCHE I SEOMRA NACH RAIBH AON TINE ANN AG CRUTHÚ LÍNÍOCHTAÍ DUBH AGUS BÁN D'IRISLEABHAIR GHREANNÁIN
- TAR ÉIS 3 BLIANA BHÍ DÓTHAIN AIRGID AIGE CHUN PÓSADH AGUS TEACH COMPORDACH A CHEANNACH I SURREY




- THOSAIGH GAIRM JACK MAR MHAISITHEOIR I NDÁIRÍRE IN 1888 AGUS É FÓS SA CHOLÁISTE EALAÍNE
- AG AN TÚS, RINNE SÉ LÉARÁIDÍ LÍNEACHA DON NUACHTÁN 'THE VEGETARIAN'
- BA É SEO A PHRÍOMHFHOINSE IONCAIM AGUS RINNE SÉ AN OBAIR SEO AR FEADH 7 MBLIANA GO DTÍ 1895
- BHÍ SÉ 24 BLIAIN D'AOIS



AN CABHSA I LEITIR MÓR 1905

- MHAISIGH SÉ LEABHAIR FREISIN, DHEAR SÉ GREANNÁIN, RINNE SÉ PÓSTAEIR AGUS CÁRTAÍ BIACHLÁR
- NUAIR A BHÍ SÉ 25 BLIAIN D'AOIS THOSAIGH SÉ AG DÉANAMH LÉARÁIDÍ DON IRIS 'PUNCH'
- IDIR 1910 (39 BLIAIN D'AOIS) AGUS 1941 (70 BLIAIN D'AOIS) RINNE SÉ 500 LÍNÍOCHT FAOIN AINM CLEITE 'W. BIRD'

© Bernie McGonagle


# Jack B. Yeats

1871-1957

**3**



DUL CHUN CINN NA HEOLAÍOCHTA 1910



IS CINNTE GO MBEADH FRITHGHNÍOMHNÚ I GCOINNE FUADAR AGUS SCLEONDAR NA HAOISE SEO 1913




## AG BREATHNÚ I DTREO AN IARTHAIR 1895

AOIS 24

1895

- Ó 1895 AGUS É INA CHÓNAÍ I SASANA, THOSAIGH JACK AG CUARDACH INSPIORÁIDE Ó NA CEANTAIR AB ANSA LEIS, SLIGEACH AGUS IARTHAR NA HÉIREANN
- THARLA SÉ SEO AG AN AM CÉANNA LEIS AN ATHBHEOCHAN CHEILTEACH



CUIREADH PICTIÚR UISCEDHATHA "STRAND RACES: WEST OF IRELAND' AR TAISPEÁINT SA TAISPEÁNTAS BLIANTÚIL RHA (ACADAMH IBEIRNEACH RÍOGA) I MBAILE ÁTHA CLIATH IN 1895

## ATHBHEOCHAN CHEILTEACH 1880-1939





- BA GHLUAISEACHT I GCOINNE THIONCHAR CULTÚRTHA SHASANA, A BHÍ I RÉIM ANSEO Ó NA 1500IDÍ, AB EA AN ATHBHEOCHAN CHEILTEACH
- SPREAGADH ARÍS SPÉIS SA BHÉALOIDEAS, SNA FINSCÉALTA, LITRÍOCHT NA GAEILGE, SPÓRT, CEARDAÍOCHT, ÉADAÍ AGUS AN GHAEILGE

- D'OIBRIGH YEATS AR BHEALACH AN-CHRÍOCHNÚIL
- BLIANTA INA DHIAIDH SIN CHOINNIGH SÉ TAIFEAD DE GACH PICTIÚR A PHÉINTEÁIL SÉ
- NUAIR A BHÍODH 6 MHÍ CAITE, THARRAINGÍODH SÉ SIOMBAIL D'FHAOILEÁN BEAG IN AICE LEIS AN AINM INA LEABHAR NÓTAÍ
- BHÍ A CHUID OIBRE RÉIDH ANSIN CHUN EITILT AR SHIÚL

## UISCEDHATH




1897

- BHOG JACK AGUS COTTIE Ó SURREY GO DEVON IN 1897
- SHOCRAIGH SÉ ATHRÚ Ó CHRUTHÚ LÉARÁIDÍ AGUS BHEARTAIGH SÉ ANSIN CÁIL A BHAINT AMACH MAR EALAÍONTÓIR UISCEDHATHA
- SA CHÉAD 6 MHÍ CHRUTHAIGH SÉ 43 UISCEDHATH AG LÉIRIÚ AN TSAOIL MAR A BHÍ SÉ I DEVON
- BHÍ A CHÉAD SEÓ AONAIR AIGE I LONDAIN I 1897

AOIS 26



AOIS 28

1899



**TAISPEÁNTAS I LONDAIN 1897**
AN CHÉAD SEÓ AONAIR

**TAISPEÁNTAS I MBAILE ÁTHA CLIATH 1899**
AN CHÉAD TAISPEÁNTAS INA RAIBH ÁBHAR ÉIREANNACH



A YACHT ON THE NORFOLK BROADS 1899

## SCEITSÍ DEN SAOL IN IARTHAR NA HÉIREANN



IN THE FOOTRACE COMPETITION THERE ARE MANY TO COMPETE 1898

- THUG NA LÉIRMHEASTÓIRÍ AN-MHOLADH DON SAOTHAR SEO
- RADHAIRC DE RÁSAÍOCHT, DORNÁLAÍOCHT, AONTAÍ, DÉANAMH CEIRTLISE AGUS SEOLTÓIREACHT
- LÉIRIÚ AR NÓIMÉAD AR LEITH

- UISCEDHATHANNA A LÉIRÍONN CAITHEAMH AIMSIRE, SAOL OIBRE AGUS SAOL BAILE NA NDAOI NE IN IARTHAR NA HÉIREANN

- THAISTIL SÉ GO DTÍ AN VEINÉIS, MILANO IN 1898
- THUG SÉ CUAIRT AR PHÁRAS IN 1899





AOIS 29

1900

FUAIR A MHÁTHAIR BÁS I 1900



© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871-1957

4



1901-2

AOIS 30-31

- DHEAR AGUS RINNE JACK MIONSAMHLACHA D'AMHARCLANNA CHUN SIAMSAÍOCHT A CHUR AR FÁIL DO LEANAÍ ÁITIÚLA DEVON
- B'AOIBHINN LEIS AMHARCL ANNAÍOCHT BRÉAGÁN AGUS MAR SIN SCRÍOBH SÉ AGUS LÉIRIGH SÉ DRÁMAÍ GACH NOLLAIG DÓIBH
- BHÍ NA CARACHTAIR A CHUIR SÉ AR AN STÁITSE 9 N-ORLACH AR AIRDE
- BHÍ FOGHLAITHE MARA AGUS TAISCE I BHFOLACH SNA DRÁMAÍ SEO AGUS GAN AMHRAS IS LÉIRIÚ IAD SEO AR AN SAOIRSE IONTACH A BHÍ AIGE LE LINN A ÓIGE I SLIGEACH, LENA SHEANATHAIR WILLIAM POLLEXFEN

## MÓRBHILEOG

1902-3

AOIS 32



- Ó BHÍ SÉ ÓG, BHÍ JACK AN-TÓGTHA LE HAMHRÁNAITHE BAILÉAD
- BHÍODH BEARTÁIN DE MHÓRBHIL EOGA CLÓITE LE DÍOL AR IOMPAR AG NA HAMHRÁNAITHE BAILÉAD SEO
- SCRÍOBHADH AGUS RINNEADH LÉARÁIDÍ D'AMHRÁIN
- D'ÚSÁID SIAD A GCUID AMHRÁN CHUN NA MÓRBHILEOGA SEO A DHÍOL
- I 1900, BHUAIL JACK LE PAMELA COLEMAN, MAISITHEOIR MEIRICEÁNACH
- BHÍ SÍ CHOMH DÍOGRAISEACH CÉANNA FAOI CHULTÚR NA NDAOINE AGUS A BHÍ SÉ FÉIN

- CHRUTHAIGH PAMELA AGUS JACK 'A BROADSHEET'
- FOILSÍODH É UAIR SA MHÍ Ó EANÁIR 1902 GO DEIREADH 1903
- IS É JACK A RINNE EAGARTHÓIREACHT AR EAGRÁIN NA BLIANA 1903 AMHÁIN

- IS LÉIRIÚ É 'THE COUNTY OF MAYO' AR BHAILÉAD CÁILIÚIL ÉIREANNACH A THUGANN AN RATH AGUS AN DÓCHAS I MAIGH EO CHUN CUIMHNE SULA RAIBH AIR AN SCRÍBHNEOIR DUL AR IMIRCE




THE COUNTY OF MAYO 1903

1903

AOIS 33

- ROGHNAIGH JACK AN CAINTEOIR A THAISPEÁINT AGUS É AG CUR TÚS LENA THRÉIMHSE DEORAÍOCHTA AR BORD GAILEON ÓN SEACHTÚ HAOIS DÉAG
- LÉIRÍONN AN LÍNÍOCHT AN ÍSLE BRÍ A BHÍ AR AN DUINE SEO TOISC GO RAIBH AIR MAIGH EO A FHÁGÁIL


1904




- BAILITHEOIR MEIRICEÁNACH AB EA JOHN QUINN A D'EAGRAIGH AN CHÉAD SEÓ AONAIR DE CHUID YEATS I NUA EABHRAC I 1904
- BHÍ 63 SAOTHAR ANN ÓNA SHAOL I SLIGEACH AGUS I DEVON
- I MEASC NA DTÉAMAÍ A BHÍ ANN, BHÍ RÁSAÍOCHT CAPALL, LÚTHCHLEASAÍOCHT, DORNÁLAÍOCHT AGUS SIAMSAÍOCHT HALLA CEOIL
- CHEANNAIGH QUINN 9 N-UISCEDHATH
- NÍ DHEARNA YEATS DEARMAD AR AN GCUAIRT IONTACH SIN AR NUA EABHRAC

AOIS 33

1905





RUM AND BARNACLES 1905

AOIS 34

- SEO SCÉALAÍOCHT AMHAIRC DEN CHÉAD SCOTH
- THÁINIG CASCA RUM I DTÍR AR AN GCLADACH
- TÁ MUINTIR AN BHAILE AG IARRAIDH AN RUM LUACHMHAR A THARRTHÁIL SULA DTAGANN NA HÚDARÁIS
- BHÍ GACH DUINE PÁIRTEACH ANN
- TÁ AN RADHARC SUITE I SOLAS LAG AN TRÁTHNÓNA
- TÁ FÍORACHA NA NDAOINE TRÍTHOISEACH AGUS BREATHNAÍONN AN STÍL NÍOS COSÚLA LEIS NA HOLAPHICTIÚIR LUATHA A RINNE SÉ

## DATH






- BHÍ OBAIR YEATS AG SÍORATHRÚ
- D'ATHRAIGH SÉ Ó NA TOIN DATHANNA TRÉDHEARCACHA A D'ÚSÁID SÉ INA CHUID UISCEDHATHANNA LUATHA AGUS ANOIS FEICIMID GUR THARRAING SÉ FÍORACHA AGUS IAD LÉIRITHE NÍOS SOILÉIRE I STÍL GOUACHE
- D'ÚSÁID SÉ TOIN GHEALA NÓ DATHANNA MAOTHAITHE AG BRATH AR AN MOTHÚCHÁN AGUS AN T-ATMAISFÉAR A THEASTAIGH UAIDH A CHRUTHÚ
- CUIREANN NA DATHANNA AIT ATÁ AR STOCAÍ CUID DÁ CHUID CARACHTAR (BÁNDEARG, GLAS AGUS INDEAGÓ) FONN GÁIRE AR AN LUCHT FÉACHANA

- RINNE YEATS 150 LEABHAR SCEITSEÁLA LE LINN NA TRÉIMHSE UISCEDHATHANNA 1898-1909
- IS DIALANNA SPLEODRACHA AMHAIRC IAD, ACHOIMRÍ AR AN TAITHÍ A BHÍ AIGE DÍREACH AG AN AM SIN

© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871-1957

5

## CUAIRT AR IARTHAR AN HÉIREANN

1905


- I 1905 THUG JACK AGUS A DHLÚTHCHARA J.M. SYNGE CUAIRT AR IARTHAR NA HÉIREANN
- D'FHOSTAIGH AN NUACHTÁN 'THE MANCHESTER GUARDIAN' AN BHEIRT EALAÍONTÓIR CHUN CUNTAS A THABHAIRT AR NA CEANTAIR BA BHOICHTE SAN IARTHAR
- BHÍ LÍNÍOCHTAÍ JACK LÁN DE CHARACHTAR AGUS DE CHOMHBHÁ




AOIS 34

- DRÁMADÓIR, SCRÍBHNEOIR AGUS BAILITHEOIR BÉALOIDIS AB EA SYNGE
- MAR THORADH AR A GCUAIRT, D'FHOILSIGH SYNGE LEABHAR DARBH AINM 'THE ARAN ISLANDS' I 1907
- RINNE JACK 12 LÉARÁID DUBH AGUS BÁN AS SCEITSÍ A RINNE SÉ LE LINN NA CUAIRTE SEO

- LÉIRIGH JACK AN SAOL DEACAIR A BHÍ AG NA DAOINE - DÓ CEILPE, IASCAIREACHT, TÓGÁIL BÁD, TUÍODÓIREACHT AGUS OIBREACHA FÓIRITHINTE AR AN MBÓTHAR - NÍOR TUGADH ACH SCILLING SA LÁ MAR ÍOCAÍOCHT DO NA HOIBRITHE AS UCHT AN TSAOTHAIR CHRUA SEO.
- LÉIRIGH STÍL LÁIDIR LÍNEACH A D'ÚSÁID JACK DÍNIT CHRÓGA NA NDAOINE



j.m. synge 1871-1909

- DE BHARR CHAIRDEAS JACK LE SYNGE, TARRAINGÍODH AIRD ARÍS AR ÁBHAIR A BHAIN LE HÉIRINN



THE MAN FROM ARANMORE 1905



A FOUR-OARED CURACH 1906

- TAISPEÁNTAR 'THE MAN FROM ARANMORE' INA SHEASAMH COIS CÉ AR AN MÓRTHÍR I NGAILLIMH
- TÁ SÉ BRÓDÚIL AGUS FÉINMHUINÍNEACH
- TÁ SÉ INA SHEASAMH ANSIN MAR DHUINE A THÁINIG CHUN GNÓ T ÁBHACHTACH A DHÉANAMH
- TÁ SÉ AG CAITHEAMH HATA LEATHANDUILLEACH AGUS BRÓGA (NÍ NA PAMPÚTAÍ TRAIDISIÚNTA) ATÁ LE FEICEÁIL SAN UISCEDHATH A FOUR-OARED CURACH 1906

1906

- LÉIRÍONN JACK NA RÁMHAITHE AG NÓIMÉAD CINNIÚNACH NUAIR A BHÍ AN FHARRAIGE AG TOSÚ AG ARDÚ OS CIONN LEIBHÉAL NA TALÚN
- OIBRÍONN NA RÁMHAITHE LE CHÉILE MAR FHOIREANN FAOI THREOIR AN DUINE ATÁ INA SHUÍ AR DHEIS
- D'FHÉADFADH SÉ GO RAIBH TIONCHAR AG OBAIR DEGAS AR AN UISCEDHATH SEO LENA CHOMHDHÉANAMH TRASNÁNACH AGUS CUID D'ÍOMHÁ AN DUINE GEARRTHA




AOIS 35

FUAIR J.M.SYNGE BÁS I 1909

## OLAÍ

1910

AOIS 39





- DHÍOL JACK AGUS COTTIE A DTEACH I DEVON I 1910 AGUS BHOG SIAD GO DTÍ NA CLOCHA LIATHA, CO. CHILL MHANTÁIN
- D'ATHRAIGH SÉ Ó UISCEDHATHANNA GO HOLAÍ
- BA BHEART CINNIÚNACH É SEO


- I 1912 D'FHOILSIGH SÉ LEABHAR DARBH AINM 'LIFE IN THE WEST OF IRELAND'
- TAISPEÁNANN NA LÉARÁIDÍ SAOL LAETHÚIL NA NDAOINE
- LÉIRIGH SÉ CINEÁLACHA SIAMSAÍOCHTA A RAIBH AN-TÓIR ORTHU, SORCAS, AONTAÍ AGUS AN SIOPA TUAITHE
- SEO TAIFEAD DE SHLÍ MHAIREACHTÁLA A BHÍ AG I MEACHT GO TAPA




1912

AOIS 41




THE COUNTRY SHOP 1912




AOIS 34




- TÁ OS CIONN 200 LEABHAR SCEITSEÁLA DE CHUID YEATS I NGAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN
- CLÚDAÍONN SIAD BEAGNACH A THRÉIMHSE IOMLÁN MAR EALAÍONTÓIR
- THUG SÉ LEIS LEABHAR SCEITSEÁLA GACH ÁIT A NDEACHAIGH SÉ, Ó AOIS 15 GO 84 BLIAIN D'AOIS.
- RINNE SÉ NA NITHE SEO A SCEITSEÁIL: AMHARCLANNAÍOCHT, TAIBHEOIRÍ SORCAIS, MARGAÍ
- THARRAING SÉ NA SCEITSÍ SEO CHUN CUIMHNÍ AGUS SMAOINTE A CHOINNEÁIL LE HÚSÁID INA SHAOTHAR NÍ BA DHÉANAÍ

© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871-1957

6

## ARMORY SHOW 1913 NUA EABHRAC

1913





• BHÍ 1,400 SAOTHAR EALAÍNE ANN LE 300 EALAÍONTÓIR EORPACH AGUS MEIRICEÁNACH
• RINNE NA HEALAÍONTÓIRÍ BA THÁBHACHTAÍ IONADAÍOCHT AR AN EORAIP AGUS CUIREADH NA STÍLEANNA MÓRA I LÁTHAIR: RÉALACHAS, IMPRISEANACHAS, IAR-IMPRISEANACHAS, CIÚBACHAS, FÓBHACHAS AGUS EISPRISEANACHAS
• EALAÍONTÓIRÍ CÁILIÚLA: MANET, MONET, GAUGUIN, VAN GOGH, CEZANNE, PICASSO, MATISSE AGUS DUCHAMP
• BHÍ AN SEÓ AN-CHLIÚITEACH
• CHONAIC LUCHT FÉACHANA EALAÍN RÉABHLÓIDEACH NA HEORPA DEN CHÉAD UAIR

• RINNE YEATS IONADAÍOCHT AR ÉIRINN LE 5 PHICTIÚR
• DHÍOL SÉ CEANN AMHÁIN
• BA MHÓR AN ONÓIR DÓ A BHEITH PÁIRTEACH I DTAISPEÁNTAS IOMRÁITEACH

AOIS 42

## TRÉIMHSE 1 – OLAÍ LÉIRITHEACH



THE PRIEST 1913

• TÁ 'THE PRIEST' AR CHEANN DE 12 OLAPHICTIÚR A PHÉINTEÁIL YEATS DE GHRÚPA CARACHTAR ÉIREANNACH A BHÍ I BHFOILSEACHÁN I LONDAIN DARBH AINM 'IRISHMEN ALL'
• BHÍ 12 CAIBIDIL SAN FHOILSEACHÁN AGUS CHRUTHAIGH YEATS PORTRÁID I GCOMHAIR GACH CAIBIDIL
• I MEASC NA GCARACHTAR BHÍ FEIRMEOIR, POLAITEOIR, TÁBHAIRNEOIR, CÚNTÓIR SIOPA, SAGART GACH DUINE CURTHA I L ÁTHAIR LENA GCEANTAR FÉIN SA CHÚLRA

•BAINEANN 'THE PRIEST' LEIS AN TRÉIMHSE OL APHÉINTÉIREACHTA LÉIRITHEACH
•IS LÍNTE LÁIDRE AGUS LÍNÍOCHT IS MÓ ATÁ ANSEO.

• NÍ CARACATÚIR A BHÍ SNA FÍORACHA
• BHÍ YEATS, MAR IS GNÁCH, AG CEILIÚRADH DÍNIT AGUS LAOCHAS NA NDAOINE A PHÉINTEÁIL SÉ
• LEAN SÉ LEIS AN STÍL LÁIDIR LÍNEACH PHÉINTÉIREACHTA AR FEADH 10 MBLIANA INA DHIAIDH SIN

AOIS 44

1915

GNÁTHRADHAIRC LAETHÚLA

BEFORE THE START 1915



• BAILÍONN MARCAIGH AGUS CAPAILL NEIRBHÍSEACHA AG TÚS RÁSA
• LÉIRÍONN CAPAILL PEARSANTACHTAÍ NA MARCACH
• ÚSÁIDEANN YEATS PÉINT THIUBH (IMPASTO) LAISTIGH D'IMLÍNTE LÁIDRE

## YEATS AGUS AN PHOLAITÍOCHT

1915



• THARLA ÉIRÍ AMACH NA CÁSCA 1916, COGADH SAOIRSE NA HÉIREANN (1919-1921) AGUS COGADH CATHARTHA NA HÉIREANN (1922-1923) LE LINN SHAOLRÉ YEATS
• CHONAIC SÉ IMEACHTAÍ POLAITIÚLA ACHRANNACHA LE LINN AN ÉIRÍ AMACH
• NÍOR LÉIRIGH SÉ COINBHLEACHT INA CHUID OIBRE, ÁFACH
• IS ÉARD A RINNE SÉ NÁ TORTHAÍ NA COINBHLEACHTA AR DHAOINE AONAIR AGUS AR GHRÚPAÍ A THAISPEÁINT



BACHELOR'S WALK-IN MEMORY 1915

• LEAGANN CAILÍN BLÁTHANNA AG LÁTHAIR TRAGÓIDE A THARLA LE LINN NA COINBHLEACHTA
• LÉIRÍONN YEATS GNÍOMH SOLLÚNTA AN CHAILÍN AGUS Í AG LEAGAN NA MBLÁTHANNA GO GRÁMHAR
• D'FHÉADFADH SÉ FREISIN GUR SIOMBAIL ATÁ INTI D'ÉIRINN A D'FHULAING CAILLTEANAS MÓR LE LINN GORTA, EISIMIRCE AGUS COGAIDH

AOIS 44

TODHCHAÍOCHAS 1909-1914






1916

AOIS 45

DADA 1916-1922

EISPRISEANACHAS 1905-1920

• IS ÉARD ATÁ I 'DOUBLE JOCKEY ACT' 1916 NÁ RADHARC Ó SHORCAS TAISTIL I SLIGEACH
• TÁ BEIRT MHARCACH AR FORBHÁS AR CHAPALL ALABHREAC, GAN AON DIALLAIT, AGUS LEANANN FEAR GRINN THART IAD AG RINCE AR BHEALACH ÁIBHÉALACH
• TÁ OLAPHÉINT NÍOS TROIME ANSEO
• ÚSÁIDEANN SÉ STRÍOCA CROSACHA LEATHANA
• BAINTEAR ÚSÁID AS TEICNÍC PHOINTÍLEACH SPLEODRACH CHUN IMPASTO A LEATHADH AR CHANBHÁS
• THRÉIG YEATS AN FHORMÁID INGEARACH AGUS BHAIN SÉ ÚSÁID AS AN BHFORMÁID CHOTHROMÁNACH AS SIN AMACH



DOUBLE JOCKEY ACT 1916

© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871-1957

7

• TAR ÉIS DÓ BABHTA FADA DÚLAGAIR A FHULAINGT IDIR 1915-1918, THÁINIG YEATS AR AIS AGUS BHÍ MOTHÚCHÁN I BHFAD NÍ BA LÁIDRE LE SONRÚ INA SHAOTHAR

• CHRUTHAIGH SÉ SAOTHAR DON 'EXPOSITION D'ART IRLANDAIS' A BHÍ I BPÁRAS 1922

## TRÉIMHSE 2 – DATHANNA AG SAORSHREABHADH

1920IDÍ

BHÍ NA HIMLÍNTE IMITHE



THE LIFFEY SWIM 1923

FUAIR A ATHAIR BÁS IN 1922

1923

AOIS 52




• THRÉIG SÉ IMLÍNTE LÁIDRE DORCHA A BHÍ LE FEICEÁIL SAN OL APHÉINTÉIREACHT A RINNE SÉ NÍ BA LUAITHE
• TÁ SAOIRSE AGUS SAORÁID INA CHUID OIBRE SCUAIBE
• DATHANNA SAIBHRE
• LEATH SÉ GEALÁIN DÍREACH ÓN TIÚB PÉINTE
• CUIRTEAR MOTHÚCHÁN IN IÚL TRÍ PHÉINT A LEATHADH GO GASTA

• TÁ STÍL YEATS AG ATHRÚ ANSEO
• LÉIRÍONN SÉ NA SCEITIMÍNÍ A BHAINEANN LEIS AN IOMAÍOCHT
• TAISPEÁNANN SÉ LUCHT FÉACHANA DÍOGRAISEACH AG PLÓDÚ COIS ABHANN AR SHIÚLÁN BHAITSILÉIR
• ACH TAISPEÁNANN SÉ DAOINE FREISIN AR THRAMANNA AG DUL THAR BRÁID AR A GCÚL AGUS DAOINE EILE AR DHROICHEAD UÍ CHONAILL
• TÁ AN PICTIÚR DÍRITHE AR IMEACHT CORRAITHEACH AMHÁIN

• BHUAIGH JACK B. YEATS AN CHÉAD BHONN OILIMPEACH SA SAORSTÁT NUAIR A BHUAIGH SÉ BONN AIRGID AG CLUICHÍ OILIMPEACHA 1924 I BPÁRAS I GCOMHAIR PICTIÚIR A RINNE SÉ.

• BRONNADH AN BONN AR THÉAMAÍ A BHAIN LE SPÓRT

• BLIANTA INA DHIAIDH SIN, RINNE YEATS CUR SÍOS AR A ATHRÚ STÍLE



CREIDIM GO DTOSAÍONN AN PÉINTÉIR I GCÓNAÍ Á CHUR FÉIN IN IÚL I BHFOIRM LÍNE - IS É SIN, AR NA BEALAÍ IS FOLLASAÍ: ANSIN TUIGEANN SÉ GURB AMHLAIDH A BHÍONN AN LÍNE, A BHÍ CHOMH RIACHTANACH ROIMHE SIN, AG CUR SRIANTA AIR I NDÁIRÍRE, AGUS A LUAITHE A BHÍONN SÉ LÁIDIR GO LEOR, BRISEANN SÉ AMACH ÓNA SRIANTA SIN.

PHÉINTEÁIL YEATS 281 PICTIÚR LE LINN NA 1920IDÍ.






SAOL UIRBEACH



IN THE TRAM 1923

1923

AOIS 52

NÍL NA HÁBHAIR CHOMH SAINITHE ANOIS, NÍL SIAD SOCRAITHE CHOMH DAINGEAN I SPÁS AGUS AM AR LEITH

• LÉIRÍONN 'IN THE TRAM' AN SAOL UIRBEACH I MBAILE ÁTHA CLIATH
• BHÍ TRIÚR BAN BAILITHE LE CHÉILE I NGRÚPA AG CÚLCHAINT
• TÁ FEAR LE HATA AGUS CÓTA AIR INA SHUÍ LEIS FÉIN I BHFAD UATHU
• TÁ SAOIRSE AGUS MUINÍN SA STÍL A D'ÚSÁID YEATS, A THUGANN LÉARGAS AR SHAOL GNÓTHACH NA CATHRACH
• TÁ AN IMLÍNE DHOCHT IMITHE
• IS LÉIR GUR BHAIN YEATS TAITNEAMH AS FISICIÚLACHT NA HOLAPHÉINTE

1929 CHEANNAIGH JAMES JOYCE DHÁ PHICTIÚR

## SIOMBAIL AN RÓIS



• BHÍ JACK B. YEATS INA CHUID 50IDÍ NUAIR A GHLAC SÉ AN RÓS MAR SHIOMBAIL PHEARSANTA
• BHÍ RÓS PÁIPÉIR CEANGAILTE DÁ SHEASTÁN EALAÍNE AGUS É AG OBAIR
• CHAITH SÉ RÓS AR A CHÁBA FREISIN NUAIR A D'FHREASTAIL SÉ AR OSCAILT TAISPEÁNTAS
• NÍ FIOS CÉN CHIALL A BHÍ LEIS AN RÓS
• B'FHÉIDIR GUR SHIOMBAIL A BHÍ ANN D'ÁILLEACHT AN DÚLRA NÓ SIOMBAIL DEN BHÁS
• DÚIRT YEATS 'DÁ MBEADH AN RÓS AG IARRAIDH A THUISCINT CÉN CHAOI AR FHÁS SÉ, NÍ BHEADH SÉ INA MHÍORÚILT MAR ATÁ'

© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871-1957


8

## 1930idí

1931




- LE LINN NA 1930IDÍ, NÍOR CHRUTHAIGH YEATS ACH 88 PICTIÚR
- BHÍ SÉ ANOIS INA CHUID 60IDÍ
- DHÍRIGH SÉ AR SCRÍBHNEOIREACHT AN CHUID BA MHÓ DEN TRÉIMHSE DEICH MBLIANA SEO
- D'FHOILSIGH SÉ A CHÉAD ÚRSCÉAL 'SLIGO' AGUS SCRÍOBH SÉ ROINNT DRÁMAÍ



AOIS 60





- BHUAIL YEATS LE SAMUEL BECKETT I 1931 AGUS BHÍ SIAD INA GCAIRDE AR FEADH A SAOIL
- BHÍ BECKETT 25 BLIAIN D'AOIS
- THAITIN OBAIR YEATS GO MÓR LEIS AGUS CHEANNAIGH SÉ 'A MORNING' 1935-6. D'ÍOC SÉ AS INA THRÁTHCHODANNA
- CHONAIC BECKETT UAIGNEAS AGUS IARGÚLTACHT INA CHUID FÍORACHA AGUS BHÍ SIAD SEO LE SONRÚ INA SHAOTHAR FÉIN INA DHIAIDH SIN



## TRÉIMHSE 3 – OLAÍ TÉAMAÍ UILÍOCHA

1935

AOIS 64



ABOUT TO WRITE A LETTER 1935

- TÁ FEAR ÓG AG CROCHADH THART IN AICE LE BORD SCARLÓIDEACH AR A BHFUIL ÁBHAR SCRÍBHNEOIREACHTA
- TÁ AGHAIDH AN DUINE CHOMH BÁN LE SNEACHTA
- TÁ BALLA GLAS AR A CHÚL, LÁN DE CHUIMHNÍ ÓN AM ATÁ THART
- SEASANN PICTIÚR AMHÁIN AMACH, SÉ SIN, BEAN MAR SCÁTHCHRUTH

- PÉINTEÁLADH AN PICTIÚR SEO Ó CHUIMHNE SEACHAS MAR ÍOMHÁ A CHONACTHAS SNA 1930IDÍ

- SA PHICTIÚR SEO TÁ YEATS TAR ÉIS ATHRÚ Ó THÉAMA ÁITIÚIL GO TÉAMA UILÍOCH
- NÍL AN DUINE ANSEO AG SCRÍOBH LITREACH I NDÁIRÍRE ACH AR TÍ LITIR A SCRÍOBH
- NÍ AMHÁIN GUR IOMPÚ ÓN NGRÁ ATÁ I GCEIST SA TÉAMA UILÍOCH ACH FREISIN, TÁ AN SEANS GUR FÉIDIR BEART A DHÉANAMH I GCEIST

- BHÍ DATH NÍ BA THÁBHACHTAÍ NÁ AN RUD A BHÍ Á LÉIRIÚ
- TARRAINGÍTEAR ÁR SÚILE I DTREO AN BHOIRD SCARLÓIDEACH, NÍ I DTREO AN FHIR
- TÁ AN PICTIÚR FÍORPHÉINTÉIRIÚIL
- TÁ SÉ BUNAITHE AR DHÁN A SCRÍOBHADH IN 1820 FAOI FHEAR A ROGHNAIGH ANDÚIL NA DÍ AGUS NA GEALLTÓIREACHTA SEACHAS AN GRÁ



A MORNING 1935-36

1936

- CHEANNAIGH SAMUEL BECKETT AN PICTIÚR SEO I 1936
- D'ÍOC SÉ AS I DTRÁTHCHODANNA TOISC NACH RAIBH SÉ IN ANN AN PRAGHAS A ÍOC GO HIOMLÁN AG AN AM
- FEICTEAR FEAR ÓG LE PACA AR A DHROIM AG STOPADH AR SHRÁID L EATHAN
- TÁ SÉ SUITE AR CHAPALL AGUS AG BREATHNÚ SIAR
- TÁ AN SMAOINEAMH 'AR TÍ' I GCEIST SA PHICTIÚR SEO FREISIN
- BHAIN SÉ ÚSÁID AS RÉIMSE TEICNÍCÍ INAR LEATH SÉ PÉINT GO TANAÍ AR CHANBHÁS AR DTÚS, AGUS ANSIN LEATH SÉ IMPASTO GO GASTA CHOMH MAITH

## TEICNÍCÍ


AOIS 65

- BHÍ A SHAOTHAR FÍORPHÉINTÉIRIÚIL SNA 1930IDÍ
- RINNEADH AN IMPASTO SEO LE SCUAB LÓDÁILTE AGUS SCIAN PHAILÉID, AN-CHOSÚIL LE DEALBHÓIREACHT
- SCRÍOBADH AN PHÉINT LE BUN GÉAR NA SCUAIBE
- LEATH SÉ PÉINT DÍREACH ÓN TIÚB FREISIN AGUS UAIREANTA BHOG SÉ AN PHÉINT THART LENA ORDÓG



## STÍL AR LEITH

- BHÍ STÍL PHÉINTÉIREACHTA AR LEITH DÁ CHUID FÉIN AG JACK B. YEATS
- BHÍ SÉ AR AN EOLAS FAOIN ILIOMAD FORBAIRTÍ SAN EALAÍN NUA-AIMSEARTHA
- BA É BA GHAIRE Ó THAOBH FÍSE DE DON PHÉINTÉIR OSTARACH OSKAR KOKOSCHKA (1886-1980)




FUAIR W.B.YEATS BÁS IN 1939




© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871–1957

9




• LÉIRÍONN EISPRISEANACHAS SAN EALAÍN MOTHÚCHÁIN AN EALAÍONTÓRA SEACHAS AN DOMHAN SEACHTRACH A THAISPEÁINT
• TÁ FRÉAMHACHA AN EISPRISEANACHAIS LE FÁIL I SAOTHAR VINCENT VAN GOGH ACH THOSAIGH SÉ MAR GHLUAISEACHT EALAÍNE SA GHEARMÁIN I 1905 LE SAOTHAR E.L. KIRCHNER A BHUNAIGH THE DIE BRÜKE (AN DROICHEAD)
• TÁ NA HÁBHAIR CURTHA I L ÁTHAIR AR BHEALACH ÁIBHÉALACH AGUS IAD CURTHA AS A RIOCHT
• DIANDHATHANNA
• DATHANNA MEASCTHA GO DÍREACH AR CHANBHÁS LE RÉIMSE UIRLISÍ

• THÁINIG FORBAIRT AR SHAOTHAR YEATS DE RÉIR A CHÉILE Ó LÉARÁIDÍ AGUS UISCEDHATHANNA SIMPLÍ SO-AITHEANTA GO SÓRT EILE LÉIRITHE AR A CHUIMHNÍ CINN A BHÍ AN-PHEARSANTA AGUS A THÁINIG ÓNA CHROÍ FÉIN

## 1940IDÍ

RINNEADH PICTIÚIR AR SCÁLA NÍ BA MHÓ LE LINN NA 1940IDÍ

### TRÉIMHSE BA BHISIÚLA YEATS 556 PICTIÚR I DTRÉIMHSE 10 MBLIANA

• BA THRÉIMHSE BHRÓNACH DO YEATS A BHÍ SNA 1940IDÍ
• FUAIR BAILL DÁ THEAGHLACH BÁS INA NDUINE IS INA NDUINE
• IN AINNEOIN GO RAIBH SÉ FAOI BHRÓN, LEAN YEATS AG PÉINTEÁIL

FUAIR LOLLY BÁS IN 1940




### TAISPEÁNTAIS MHÓRA IARDHEARCACHA

• I 1942, THUG GAILEARAÍ NÁISIÚNTA LONDAIN 1942 ONÓIR DO YEATS TRÍ THAISPEÁNTAS IARDHEARCACH DÁ SHAOTHAR A CHUR AR BUN
• TUGADH AITHEANTAS DÓ MAR EALAÍONTÓIR IDIRNÁISIÚNTA
• THUG AN TAISPEÁNTAS SEO FUINNEAMH NUA DO YEATS
• BHÍ TAISPEÁNTAS IARDHEARCACH AR SIÚL I MBAILE ÁTHA CLIATH DEN CHÉAD UAIR I 1945
• TUGADH AN TAISPEÁNTAS IASACHTA NÁISIÚNTA AIR
• BHÍ NÁISIÚN NA HÉIREANN AG TABHAIRT ONÓRA DÁ SHAOTHAR
• BA SHEOD NÁISIÚNTA A BHÍ IN YEATS FAOIN AM SEO
• BHÍ SÉ FAISEANTA PICTIÚR DE CHUID YEATS A BHEITH AG DUINE
• TAISPEÁNTAS IARDHEARCACH SA TATE GALLERY IN 1948



1945

AOIS 74



MEN OF DESTINY 1946

1946

AOIS 75


• D'ÚSÁID YEATS STÍL AN EISPRISEANACHAIS S A SAOTHAR A CHRUTHAIGH SÉ NÍ BA DHEIREANNAÍ A GUS LÉIRÍODH MOTHÚCHÁIN AGUS SMAOINTE IONTU

• IS RADHARC COIS FARRAIGE ATÁ SA PHICTIÚR 'MEN OF DESTINY' AGUS BHEADH CUIMHNE AG YEATS AR RADHARC MAR SEO ÓNA ÓIGE IDIL EACH I SLIGEACH
• IS DÓCHA GUR IASCAIRÍ IAD NA DAOINE A FHEICIMID ACH NÍ TÉAMA ÁITIÚIL ATÁ ANSEO ACH TÉAMA UIL ÍOCH - DAOINE AG BOGADH I DTREO CIBÉ CINNIÚINT A BHÍ I NDÁN DÓIBH
• IS LAOCHRA ATÁ IONTU, B'FHÉIDIR, NACH LAOCHRA ÉIREANNACHA ACH GUR LAOCHRA UILÍOCHA ATÁ IONTU

• NÍL AN PICTIÚR TEIBÍ
• IS FÉIDIR LINN DAOINE, TALAMH, SPÉIR, FARRAIGE, BÁD AGUS CAPALL A FHEICEÁIL
• TÁ NA FÍORACHA DAONNA TRÉDHEARCACH AGUS LÁIDIR AG AN AM CÉANNA
• TÁ YEATS AG BAINT SUILT AS FISICIÚLACHT LÁIDIR NA HOLAPHÉINTE
• SCRÍOBANN SÉ LÚBA AGUS DAIRTEANNA LENA SCIAN PHAILÉID
• DE BHARR FLÚIRSE AN IMPASTO, IS FÉIDIR GACH DUINE A FHEICEÁIL

• TÁ AN RADHARC AR LASADH LE DATHANNA TIUBHA PLÁSTRÁILTE
• NÍ ÚSÁIDTEAR DATHANNA ANSEO AR BHEAL ACH NÁDÚRAÍOCH ACH MAR BHEALACH CHUN A CHUID MOTHÚCHÁN A CHUR IN IÚL

## DATH





• D'FHORBAIR OLAPHICTIÚIR YEATS DE RÉIR A CHÉILE, D'ÚSÁID SÉ DATHANNA FANNA LAGA AR DTÚS ACH INA DHIAIDH SIN, D'ÚSÁID SÉ DATHANNA TRÉANA CUMHACHTACHA SNA SAOTHAIR A RINNE SÉ NÍ BA DHEIREANNAÍ
• D'ÚSÁID SÉ L ÍNÍOCHT AGUS IMLÍNE LÁIDIR INA CHUID OLAPHICTIÚR LUATH, M.SH. 'THE PRIEST' 1913
• MAOLAÍODH DATHANNA

• BHÍ NÍOS MÓ SAOIRSE AGUS SPONTÁINEACHT SA PHICTIÚR 'SNÁMH NA LIFE' 1923
• 25 BLIAIN INA DHIAIDH SIN IN 1948 SA PHICTIÚR 'MEN OF DESTINY', IMÍONN FOIRM AGUS CRUTH OS COMHAIR ÁR SÚL AGUS IS IAD NA DATHANNA AN RUD IS CUMHACHTAÍ AGUS IS TRÉINE
• BA LÉIRIÚ AR MHOTHÚCHÁIN A BHÍ SNA DATHANNA SEACHAS LÉIRIÚ AR ÍOMHÁNNA RÉALAÍOCHA
• TÁ NA FÍORACHA, CAPAILL, FOIRGNIMH AGUS TÍRDHREACHA AR MAOS I RÉIMSE DATHANNA

• LE CUR LEIS AN ÉIFEACHT, CUIREADH DATH BUÍ CAIDMIAM, CORCAIRDHEARG AGUS DATHANNA EILE DÍREACH ÓN TIÚB AR AN GCANBHÁS
• BAINEADH ÚSÁID AS FLÚIRSE DATHANNA GORMA, ULTRAMHUIRÍNEACH AGUS CÓBALT I SCÁTHANNA AGUS AR L ÉASLÍNTE I BHFAD I GCÉIN
• BHAIN AN DATH INDEAGÓ LENA ÓIGE, AN DATH A BHÍ AR NA SEANPHÓSTAEIR AMHARCLAINNE A THAITIN GO MÓR L EIS NUAIR A BHÍ SÉ INA BHUACHAILL ÓG SLIGEACH

© Bernie McGonagle




© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871-1957

11

## 1949

AOIS 78



THE SINGING HORSEMAN 1949

- ÍOMHÁ LÚCHÁIREACH
- TÁ BUACHAILL AR CHAPALL AG CANADH IN ARD A CHINN AGUS A GHUTHA
- TÁ AN CAPALL LE DATH ÓRGA AIR DALLRAITHEACH L EATH-TRÉDHEARCACH
- IN AINNEOIN GUR BAINEADH ÚSÁID AS I MPASTO, NÍL RUD AR BITH DAINGEAN ANSEO
- TÁ AN BUACHAILL, CAPALL, SPÉIR AGUS AN TÍRDHREACH IN AOIBHNE AS I DTEANNTA A CHÉILE

## Capaill

- BA É AN CAPALL AN T-AINMHÍ AB FHEARR LE YEATS
- TÁ CAPAILL LE FEICEÁIL I MBREIS AGUS 100 DÁ CHUID PICTIÚR
- BHÍ CAPAILL COITIANTA I SAOL YEATS AMUIGH FAOIN TUATH AGUS SA CHATHAIR
- LÉIRIGH SÉ CAPAILL AGUS IAD AG OBAIR, AG TAIBHIÚ SA CHRÓ SORCAIS NÓ AG NA RÁSAÍ
- BHAIN SÉ AN-SULT AS AN IL IOMAD CINEÁLACHA IOMPAIR A BHÍODH Á DTARRAINGT AG CAPAILL - CAIRR FHADA, TAOBHCHAIRR AGUS CAIRR CHLIATHÁNACHA

- TAISPEÁNTAR CAPAILL FREISIN LEO FÉIN AG GEARRSHODAR LEO GO HÉASCA NÓ FEAR AGUS CAPALL LE CHÉILE GO SUAIMHNEACH
- TAISPEÁNTAR CAPAILL I MBARR A MAITHEASA, LÁN LE FUINNEAMH ÁLAINN AGUS ÍOGAIR AGUS IAD BREÁ SAOR GAN AON BHUAIRT
- BA SHIOMBAIL IAD DE DHÍL SEACHT, CLISTEACHT AGUS SAOIRSE
- LÉIRIGH YEATS GO FOIRFE IAD SNA LÉARÁIDÍ LUATHA A RINNE SÉ AGUS INA DHIAIDH SIN AG BAINT ÚSÁIDE AS SCIAN PHAILÉID LE MARCANNA GUAIRNEÁNACHA LÉIRITHEACHA AG TAISPEÁINT FISICIÚLACHT FHÍORAOIBHINN AN AINMHÍ ÁLAINN SEO

## 1950IDÍ



FOR THE ROAD 1951

- TAISPEÁNANN 'FOR THE ROAD' CAPALL AG RITH TRÍ THOLLÁN CRANN I DTREO DUINE ATÁ AG CEANN NA COILLE
- BHÍ AN DUINE FAOI BHRAT BUÍ SOLAIS
- TÁ DATH BUÍ AG SCAIPEADH AR THALAMH NA COILLE AGUS AG TITIM AR AGHAIDH, AR MHOING AGUS AR CHORP AN CHAPAILL AGUS TUGANN AN DATH AN MARCACH AGUS AN CAPALL LE CHÉILE
- TÁ AN CAPALL PÉINTEÁILTE BÁN, GORM AGUS GLAS AG CUR CUMA AISLINGEACH AIR
- TÁ SMEARÓGA LÁIDRE INGEARACHA DATHANNA SNA CRAINN

## 1951

- TIMPEALL NA BLIANA 1950 CHUAIGH SLÁINTE YEATS IN OLCAS
- CHAITHEADH SÉ NA GEIMHRÍ I DTEACH ALTRANAIS PORTOBELLO
- THÉADH SÉ AR AIS ABHAILE SAN EARRACH CHUN PÉINTÉIREACHT A DHÉANAMH
- I 1950 PHÉINTEÁIL SÉ 31 PICTIÚR

NOV-MAY

AOIS 80

## 1951




GRIEF 1951

AOIS 80

- LÉIRÍONN SÉ SEO CHOMH PAISEANTA AGUS A BHÍ YEATS
- NÍL AON RUD SOILÉIR SA PHICTIÚR SEO
- LÉIRÍONN NA FOIRGNIMH SA CHÚLRA GO BHFUIL SRÁID ANN
- TÁ FEAR AR CHAPALL BÁN AGUS FIR THRODA FEARGACHA INA THIMPEALL
- AR THAOBH NA LÁIMHE DEISE TÁ BEAN LE LEANBH FIONN INA BACHLAINN
- TÁ A LÁMHA SÍNTE AMACH GO TRUAMHÉALACH AG SEANFHEAR, ÍOSPARTACH NEAMHCHIONTACH COGAIDH
- BAINEANN YEATS ÚSÁID AS UIRLISÍ CHUN GO LEOR NITHE TÁBHACHTACHA A CHUR IN IN IÚL
- ÚSÁIDEANN SÉ DATHANNA CHUN MOTHÚCHÁIN CHORRAITHEACHA A CHUR IN IÚL
- TÁ NA FÍORACHA COINNITHE I SPÁS TRIANTÁNACH

- MHAIR YEATS LE LINN CEANN DE NA TRÉIMHSÍ BA THRIOBLÓIDÍ I STAIR NA HÉIREANN AGUS DHÁ CHOGADH DOMHANDA
- IS RÁITEAS CUMHACHTACH IN AGHAIDH NA COGAÍOCHTA É GRIEF



## 1954

AOIS 83

- BA É SEO AN CHÉAD TAISPEÁNTAS AONAIR DE CHUID YEATS I BPÁRAS
- CUIREADH AR TAISPEÁINT É SA GALERIE DES BEAUX ARTS I 1954
- B'ÓCÁID SPREAGÚIL A BHÍ ANSEO DÓ

BHOG SÉ CHUIG TEACH ALTRANAIS GO BUAN I 1955

## 1957

AOIS 86

FUAIR J. B. YEATS BÁS I 1957




- 60 SEÓ AONAIR LE LINN A SHAOIL
- 160 SEÓ GRÚPA
- 1,194 OLAPHICTIÚR

- MEASTAR GURB É JACK B. YEATS AN PÉINTÉIR BA CHUMASAÍ A BHÍ IN ÉIRINN SA 20Ú HAOIS
- NÍ RAIBH TIONCHAR AG FORBAIRTÍ EALAÍNE NA HEORPA AIR, DEN CHUID IS MÓ
- I RITH A SHAOIL OIBRE, LÉIRIGH SÉ CARACHTAIR AGUS ANAM NA HÉIREANN INA CHUID LEABHAR SCEITSEÁLA AGUS INA SHAOTHAR

- D'ATHRAIGH MODH PÉINTÉIREACHTA YEATS DE RÉIR A CHÉILE, THOSAIGH SÉ MAR MHAISITHEOIR, D'ÚSÁID SÉ UISCEDHATHANNA AGUS ANSIN BHÍ SÉ INA OLAPHÉINTÉIR CUMASACH
- NÍOR MHÚIN SÉ AON DALTAÍ, NÍOR THUG SÉ AON LÉACHTAÍ
- CHREID SÉ GUR LABHAIR A CHUID EALAÍNE AR A SHON
- D'FHÁG SÉ FAOIN LUCHT FÉACHANA A N-INTINN FÉIN A DHÉANAMH SUAS


© Bernie McGonagle

# Jack B. Yeats

1871-1957

12

## AN TÚDAR



• BHÍ BERNIE MCGONAGLE AG MÚINEADH EALAÍNE I GCOLÁISTE AN CHLÁIRÍN, BAILE ÁTHA AN RÍ, CO. NA GAILLIMHE AR FEADH 33 BLIAIN
• CHUAIGH SÍ AR SCOR I MEÁN FÓMHAIR 2019

• LEAN A TIOMANTAS DO THEAGASC NA HEALAÍNE Ó SHIN AGUS THOSAIGH SÍ AG DÉANAMH CAIRTEACHA EALAÍNE

• THÁINIG AN SMAOINEAMH GO DÍREACH ÓN TAITHÍ A BHÍ AICI SA SEOMRA RANGA AGUS Í AG MÚINEADH STAIR NA HEALAÍNE
• BHÍ SÉ DEACAIR AG A LÁN MAC LÉINN EABHAIR A RAIBH IOMARCA FOCAL IONTU A THUISCINT AGUS MAR SIN RINNE BERNIE GO LEOR ACHOIMRÍ AMHAIRC DE NA PRÍOMHCHOINCHEAPA AGUS DE NA STÍLEANNA EALAÍNE CHUN AN PRÓISEAS FOGHLAMA A DHÉANAMH NÍ BA THAITNEAMHAÍ, GO HÁIRITHE D'AMHARCFHOGHLAIMEOIRÍ.

• BHÍ AISEOLAS NA MAC LÉINN AN-DEARFACH AGUS THUG SÍ FAOI DEARA GUR THÁINIG FEABHAS MÓR AR AN LEIBHÉAL RANNPHÁIRTÍOCHTA AGUS TUISCEANA AR PHRÍOMHCHOINCHEAPA AGUS AR STÍLEANNA EALAÍNE ÉAGSÚLA

• Ó 2019 TÁ SÍ AG OBAIR GO LÁNAIMSEARTHA AG CRUTHÚ NA L ÉARÁIDÍ GRAFACHA SEO AGUS BAINEANN SÍ AN-TAITNEAMH AS AN OBAIR SEO

• IS É CAIRT JACK B. YEATS AN DARA CAIRT EALAÍNE ATÁ DÉANTA AICI I GCOMHAR LE GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN
• FOILSÍODH MONDRIAN I MÍ NA SAMHNA 2020 AGUS IS FÉIDIR É A ÍOSLÓDÁIL SAOR IN AISCE AG NATIONALGALLERY.IE

• TÁ SÉ BEARTAITHE AG BERNIE CAIRT AR SHAOL AGUS AR SHAOTHAR CLAUDE MONET A FHOILSIÚ I MÍ NA NOLLAG 2021

## CAIRTEACHA EALAÍNE

• IS CEILIÚRADH AMHAIRC IAD CAIRTEACHA EALAÍNE AR SHAOL AGUS AR SHAOTHAIR NA N-EALAÍONTÓIRÍ MÓRA
• SCRÚDAÍONN SIAD TIMPEALLACHT SHÓISIALTA GACH EALAÍONTÓIR AGUS RIANAÍONN SIAD A BHFORBAIRT CHRUTHAITHEACH AGUS NA TIONCHAIR A CHUAIGH I BHFEIDHM ORTHU

• TÁ NA CAIRTEACHA SEO GONTA, ILDAITE, AIT AGUS NÍ DHÉANFAR DEARMAD ORTHU GO HÉASCA
• TÁ AN TEICNÍC 'NASC CUIMHNE' NEADAITHE IONTU
• TÁ GACH PAINÉAL CEANGAILTE LEIS AN GCÉAD CHEANN EILE AG BAINT ÚSÁIDE AS MODHANNA ÉAGSÚLA: NASC AMHAIRC, COSÚLACHT, DATH, CRUTH AGUS COMHCHEANGAL SMAOINTE CHUN GO MBEIDH SÉ NÍOS ÉASCA AN T-EOLAS A THABHAIRT CHUN CUIMHNE

• TÁ SIAD DÍRITHE GO PRÍOMHA AR MHIC LÉINN EALAÍNE ARDTEISTIMÉIREACHTA, IDIR GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL, AR AMHARCFHOGHLAIMEOIRÍ IAD, ACH IS FÉIDIR LE DAOINE A BHFUIL SPÉIS ACU SNA HEALAÍONTÓIRÍ MÓRA TAITNEAMH A BHAINT ASTU

• TÁ SIAD AG TEACHT GO MAITH LE SIOLLABAS NUA AMHARC-CHULTÚR NA HARDTEISTIMÉIREACHTA MAR A BHFUIL BÉIM AR STÍL AN EALAÍONTÓRA, ÁBHAR, RÉASÚNAÍOCHT, ÚSÁID NA MEÁN AGUS COMHTHÉACS SÓISIALTA AN EALAÍONTÓRA A THUISCINT

## LEABHARLIOSTA


ARNOLD, BRUCE
JACK YEATS
YALE UNIVERSITY PRESS 1998

KENNEDY, BRIAN P.
LIVES OF IRISH ARTISTS JACK B. YEATS
GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN 1991

NÍ CHÁRTHAIGH, ÁINE
LESS STRESS MORE SUCCESS ART HISTORY REVISION DON ARDTEISTIMÉIREACHT
GILL AGUS MACMILLAN 2007

NÍ CHÁRTHAIGH, ÁINE AGUS AIDAN O'SULLIVAN
APPRECIATING ART LEAVING CERTIFICATE HIGHER AND ORDINARY LEVELS
GILL EDUCATION 2017

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN
JACK B. YEATS PAINTING AND MEMORY
DONAL MAGUIRE AGUS BRENDAN ROONEY

PYLE, HILARY
JACK B. YEATS A BIOGRAPHY
ROUTLEDGE AND KEGAN PAUL LONDON 1970

PYLE, HILARY
JACK B. YEATS HIS WATERCOLOURS, DRAWINGS AND PASTELS
IRISH ACADEMIC PRESS 1993

PYLE, HILARY
THE DIFFERENT WORLDS OF JACK B. YEATS HIS CARTOONS AND ILLUSTRATIONS
IRISH ACADEMIC PRESS 1994

PYLE, HILARY
YEATS PORTRAIT OF AN ARTISTIC FAMILY
MERRELL HOLBERTON LONDON 1997

THE SKETCHBOOKS OF JACK B. YEATS 1897-1955
GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

THE HUNT MUSEUM
JACK B. YEATS MASTER OF CEREMONIES 1904

WHITE, JAMES
JACK B. YEATS DRAWINGS AND PAINTINGS
SECKER AND WARBURG LONDON 1971


## SUÍOMHANNA GRÉASÁIN

- WWW.NATIONALGALLERY.IE / ONLINE-COLLECTION
- WWW.THEMODEL.IE
- WWW.SOTHEBYS.COM
- WWW.THEREISHISTORY.COM
- WWW.ARTPRIMARYSCHOOL.COM
- HTTP://DIGITALCOMMONS.CIIS.EDU

## BUÍOCHAS


• IS MIAN LEIS AN ÚDAR BUÍOCHAS Ó CHROÍ A GHABHÁIL LE TEAGHLACH YEATS AS TACÚ L EIS AN TIONSCADAL SEO
GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN
GRIANGHRAF © GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN© EASTÁT JACK. B. YEATS, DACS LONDON/IVARO BAILE ÁTHA CLIATH 2021

• BUÍOCHAS MÓR FREISIN LEIS NA DAOINE SEO A LEANAS AS A NGAIRMIÚLACHT, A GCUID AMA AGUS A SPREAGADH:
• CATHERINE O'DONNELL, OIFIGEACH OIDEACHAIS GNÉ
• LOUISE MORGAN, CÚNTÓIR ÍOMHÁNNA AGUS CEADÚNÚ, GNÉ
• DONNA ROSE, COMHALTA, LÁRIONAD BSL UM STAIDÉAR AR EALAÍN NA HÉIREANN
• DONAL MAGUIRE, COIMEÁDAÍ LÁRIONAD BSL UM STAIDÉAR AR EALAÍN NA HÉIREANN
• AN DR BRENDAN ROONEY, PRÍOMH-CHOIMEÁDAÍ
• GRIANGHRAF LE CAOINCHEAD: TINA HARKIN, TERESA MCGONAGLE, LIAM MC GINTY, VERONIKA STRABERGER AGUS WHYTES.COM
• OONAGH BARRY CÚNTÓIR LEABHARL AINNE, ITGM
• GERRY BURKE, STARAÍ, BAILE ÁTHA AN RÍ
• CUSPAÍ: JOHN BUTLER AGUS SHANE BUTLER





© Bernie McGonagle